

Bunlitriú

Ba ghnách gur mar aon bhloc amháin a bhreac Ó Cadhain samplaí úsáide ceannfhocail in iontrálacha an bhuntéacs. Is i mbarr na mblocanna samplaí seo a bhreac sé sainmhínte na gcialla éagsúla a mhíononn siad agus iad ar lorg an cheannfhocail, a fhoirmeacha agus eolas faoina fhoghar (an réamhábhar). Is minic chomh maith gur mó ná ceannfhocal amháin a phléigh sé in aon iontráil amháin. Cinneadh struchtúr nua a chur ar iontrálacha an fhoclóra san eagrán seo agus na samplaí úsáide a roinnt go soiléir ina n-aonaid chéille. Ina theannta sin, cinneadh a n-iontráil féin a bhronnadh ar na ceannfhocail sin atá ag roinnt iontrála le ceannfhocal eile sa mbuntéacs.

Tugtar tuairisc anseo ar na nithe seo a leanas: **(a)** an modh a leanadh agus iontrálacha an bhuntéacs á scoilteadh; **(b)** a ndearnadh le samplaí úsáide iontrála agus iad á scaradh ina n-aonaid chéille; agus **(c)** na leasuithe eile a rinneadh ar an mbuntéacs agus an t-eagrán seo á chóiriú.

(a) Tiomsú na nIontrálacha

Is minic gur in aon iontráil amháin a phléitear a leithéidí seo thíos sa mbuntéacs (i) ainmfhocal agus aidiacht nó ainmfhocal eile gaolmhar leis, *m.sh. daighce, daighceamhail, daighceamhlacht*; (ii) ainmfhocail fearacht *deirge, deirgeadas, deirgeacht* nó *deamhan, daidhean, diabhal*; (iii) briathar agus a ainm briathartha/aidiacht bhriathartha; agus (iv) réimír agus na comhfhocail a bhfuil sí iontu. Bronntar a iontráil féin san eagrán, faoina cheannfhocal féin, ar ainmfhocal nó aidiacht atá in aon iontráil le hainmfhocal nó le haidiacht eile sa mbuntéacs. Roinntear na samplaí úsáide freagracha ar a n-iontráil nuachumtha chuí. Dúblaítear réamhábhar (.i. sainmhínte, treoir úsáide srl.) na hiontrála agus cuirtear le chaon iontráil nuachumtha é má fheileann sin, nó mura bhfeileann scartar a bhfuil d'eolas sa réamhábhar ar chaon iontráil. Scoiltear iontrálacha ar nós *deirge, deirgeacht, deirgeadas* ar an modh céanna san áit ar féidir sin a dhéanamh gan eagarthóireacht shuntasach a dhéanamh ar réamhábhar a n-iontrála sa mbuntéacs. Ní scoiltear na hiontrálacha sin a bhfuil samplaí úsáide de bhriathar agus dá ainm briathartha/aidiacht bhriathartha i gceann a chéile iontu ach amháin san áit a mbaineann brí shainiúil, atá éagsúil ó bhrí a bhriathair, leis an ainm briathartha/aidiacht bhriathartha. Bronntar iontráil dá chuid féin ar réimír san eagrán, agus ar na comhfhocail a léiríonn a úsáid sna samplaí úsáide más féidir sin a dhéanamh gan eagarthóireacht shuntasach a dhéanamh ar an mbuntéacs. Dá réir, is iontrálacha dá gcuid féin san eagrán *dí-, dínáire, díchreideamh srl.* atá in aon iontráil amháin sa mbuntéacs.

Is in iontrálacha na gceannfhocal *dícheall, dlisteanach, deir, díriugh* atá samplaí úsáide na gcomhfhocal *croídhícheall, mídhlisteanach* agus na mbriathra frásacha *abair le, díriugh ar* sa mbuntéacs. Scartar óna n-iontrálacha bunaidh samplaí úsáide *croídhícheall, mídhlisteanach, abair le, díriugh ar* san eagrán agus cuirtear in iontráil dá gcuid féin iad. Ní dhéantar amhlaidh le chuide chomhfhocal atá go domhain in iontrálacha a bpríomhfhocal sa mbuntéacs. Fágtagar san iontráil ina bhfuil sé comhfhocal atá taobh le sampla úsáide amháin gan míniú ná crostagairt leis nó más in aon sampla úsáide le comhfhocail eile mar é atá sé.

Is ionann leathanaigh 1697–1726 den bhuntéacs agus aguisín a sheol Ó Cadhain chuig an nGúm le tuilleadh samplaí úsáide a bhí le cur lena raibh seolta roimhe sin aige de cheannfhocail dar tús D. Scaiptear na samplaí úsáide seo ar a n-iontrálacha cuí san eagrán.

(b) Roinnt na nIontrálacha

Tiomsaítear samplaí úsáide a léiríonn an chiall shainiúil chéanna ina n-aonaid chéille san eagrán. Cuirtear uimhreacha Arabacha le chaon aonad céille in iontráil ar mó ná aonad céille amháin ann. San áit a léiríonn samplaí úsáide atá in aonad céille (i) ciall mheafarach, (ii) ciall fháthchiallach, nó (iii) más i gcomhlogaíocht choitianta atá an focal atá dhá léiriú acu, cuirtear i rannóg faoi leith dóibh féin iad taobh istigh den aonad céille agus cuirtear na litreacha (a), (b), (c) srl. le chuile rannóg san aonad.

De bharr líon na samplaí úsáide atá i gcuid mhaith aonad céille, nó i rannóga éagsúla aonad céille más ann dóibh, grúpáiltear samplaí úsáide gaolmhara i dteannta a chéille i ngrúpaí faoi leith. Ceiltear faoin gcomhartha + chuile shampla úsáide i ngrúpa samplaí mar iad ach dhá shampla agus cead ag an léitheoir na samplaí ar fad a fheiceáil ach + a bhualadh ar an scáileán. Murab ionann agus na rannóga a luadh thuas, ní chuireann grúpa samplaí úsáide aon síneadh ar chiall shainiúil aonad céille i gcéill.

Ar na samplaí úsáide a roinnt, scaiptear na sainmhínithe a thugtar i réamhábhar iontrála sa mbuntéacs ar an aonad céille, nó an rannóg, cuí san eagrán. Is i mbarr a aonaid céille, nó a rannóige, a chuirtear an sainmhíniú agus é faoi chlóg gorm. Tá riar samplaí sa mbuntéacs de shainmhíniú a d'fheilfeadh aonad céille nó rannóg a bheith ar lorg sampla úsáide. Baintear leas as sainmhínithe mar iad san eagrán más féidir, *m.sh.*:

<i>buntéacs eagrán</i>	Níl ann ach go bhfuil sé indiaidh a chéile anois. Ní fhaca mé duine ar bith ariamh, is mó a d'ídigh ná é le goirid. Níl bior-eanga féin air = [in diaidh a chéile = beo, ar marthainn, ag coinneál le chéile, ionchaithte, gan a bheith in a cheirteach-aí amach agus amach]
	<p>d. in diaidh a chéile = beo, ar marthainn, ag coinneál le chéile, ionchaithte, gan a bheith in a cheirteach-aí amach agus amach</p> <p>+ Níl ann ach go bhfuil sé indiaidh a chéile anois. Ní fhaca mé duine ar bith ariamh, is mó a d'ídigh ná é le goirid. Níl bior-eanga féin air</p>

Bíodh is go ndéantar iarracht bunord na samplaí úsáide a choinneáil agus iontrálacha á roinnt ina n-aonaid chéille, ina rannóga agus ina ngrúpaí, ní dhéantar amhlaidh i gcónaí. In áiteacha i bhfad ó chéile, aistrítear sampla úsáide chuig ceann aonad céille, mar shampla, ó tharla gur fearr, dar linn, a léirítear ciall an fhocail ann ná an chéad shampla a thugtar de réir ord na samplaí sa mbuntéacs. Ní hionann go díreach dá réir sin, ord na samplaí san eagrán agus a n-ord sa mbuntéacs. Tá fáil ar bhunord na samplaí sa trascribhinn a chuirtear ar fáil den bhuntéacs anseo.

(c) Leasuithe

Ceartaítear aon bhotún follasach atá sa mbuntéacs, *m.sh. dittography*, litriú gan chéill, *srl.*¹ cuirtear focal, litir nó litreacha, leis an téacs idir lúibíní cearnacha san áit ar léir a mbeidh in easnamh ceal céille; agus scaoiltear aon fhocal giorraithe, *m.sh. d-l* (diabhal). Más amhlaidh go bhfuil sampla úsáide nó sainmhíniú faoi dhó in aon iontráil amháin sa mbuntéacs, ní choinnítear ach ceann díobh san eagrán.

Déantar riar leasuithe ar phoncaíocht an bhuntéacs san eagrán seo. Déantar lúibíní cuaracha de lúibíní cearnacha Uí Chadhain. San áit a mbíonn = aige idir dhá shampla úsáide, déantar leathstad (;) de, agus baintear leas as an gcomhartha céanna sin chun scaradh na línte i rann nó i gceathrú filíochta a chur i gcéill. Ina theannta sin, déantar lúibíní cearnacha de na comhartha { } a cuireadh i dtrascribhinn an bhuntéacs.

Cuirtear idir lúibíní na lipéid a bhíonn ag Ó Cadhain ar na samplaí úsáide (*m.sh. eascaíní, f.c., amhrán, seanscéal srl.*) murar amhlaidh atá sa mbuntéacs. Is go díreach ar lorg a sampla úsáide a chuirtear na lipéid san eagrán seo, bíodh siad amhlaidh sa mbuntéacs nó ná bíodh. Ina cheann sin, athraítear ionad na nótaí téacsúla a bhíonn idir lúibíní ag Ó Cadhain i sampla úsáide más gá sin chun a nóta téacsúil a shoiléiriú don léitheoir. Leasaítear chomh maith an córas crostagartha a lean Ó Cadhain sa mbuntéacs nuair a éilíonn struchtúr nua an eagrán sin. Cuirtear faoi chló éadrom san eagrán na lipéid, na nótaí téacsúla, na crostagairtí agus aon mhíniú a thugann Ó Cadhain ar shampla úsáide.

¹ Ní cheartaítear ná ní leasaítear fogharscríobh a thugann Ó Cadhain sa mbuntéacs ach cuirtear // // ina thimpeall.